



Príomhfheidhmeannach
an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
a ainmnítear sa seoladh.

Uimhir Imlitreach: 31/2018

Socruithe le haghaidh Baill Foirne a Thoghadh go Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) (2018)

A Phríomhfheidhmeannaigh, a chara,

Tá na socruithe le haghaidh gach céime de thoghcháin foirne BOO leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, Rialacháin 2014 (Baill Foirne a Thoghadh) (na “Rialacháin”). Déanann na Rialacháin foráil freisin, nuair is féidir, le haghaidh painéal a chur le chéile le folúntais ócáideacha a líonadh.

Is é is cuspóir don Imlitir seo soiléiriú a thabhairt maidir le ceisteanna áirithe le ligean do BOOanna socruithe a dhéanamh le baill foirne a thoghadh go Boird Oideachais agus Oiliúna nuair atá folúntais foirne ann agus nuair nach bhfuil aon phainéal ann le folúntais mar sin a líonadh.

Cuirfear an tImlitir ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.education.ie).

Caithfear an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na Rialacháin.

1. Baill foirne a thoghadh go boird oideachais agus oiliúna

- 1.1 Déanann an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 (an tAcht) foráil le haghaidh baill foirne incháilithe BOO a thoghadh, duine acu fireann agus duine acu baineann.
- 1.2 Chun críocha thoghcháin 2018, is é is “ball foirne incháilithe” duine atá, ar an 31 Márta 2018, fostaithe mar bhall foirne ag an BOO agus a bhfuil a luach saothair i leith na fostaíochta sin íoctha ag an BOO.
- 1.3 Ar mhaithe le soiléiriú, baineann ball foirne incháilithe le:



(a) Baill foirne atá ar chonradh seirbhíse ar an 31 Márta 2018. San áireamh i gcatagóirí ball foirne mar sin bheadh baill foirne bhuna, lánaimseartha agus páirtaimseartha pro-rata.

(b) Baill foirne nach bhfuil conradh seirbhíse acu ar an 31 Márta 2018, ach a thug seirbhís ar an dáta sin agus a bhfuil luach saothair iníoctha ina leith. San áireamh i gcatagóirí ball foirne mar sin bheadh baill foirne páirtaimseartha a íoctar go páirtaimseartha.

2. Ceann comhairimh

2.1 Tá Príomhfheidhmeannach gach BOO ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scoileanna le bheith ina cheann comhairimh don BOO sin chun críocha thoghcháin foirne an BOO.

2.2 Faoi réir na Rialachán, tá Ceann Comhairimh freagrach as stiúradh na dtoghchán.

3. Féilire phróiseas an toghcháin

3.1 Tá féilire le haghaidh stiúradh na dtoghchán seo san áireamh in Aguisín 1 leis an Imlitir seo.

3.2 Tá an chuid is mó dátaí sa sceideal cinnte ag an Aire, de réir na Rialachán, agus níl aon chumhacht ag ceann comhairimh na dátaí seo a athrú as féin.

4. Neamh-incháilitheacht grád áirithe baill foirne de BOO a bheith ina mbaill e BOO

4.1 Leis an idirdhealú a choinneáil soiléir idir na feidhmeanna forchoimeáda agus na feidhmeanna feidhmiúcháin in BOO, agus de réir Alt 32 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, trí ordú Aire tá na gráid bhainistíochta shinsearaí seo a leanas in BOO neamh-incháilithe le haghaidh ballraíocht boird oideachais agus oiliúna:

- Príomhfheidhmeannach;
- Oifigeach Oideachais;
- Stiúrthóir Scoileanna;



- Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta agus Forbartha;
- Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna;
- Oifigeach Oideachais;
- Oifigeach Pearsanra;
- Oifigeach Airgeadais;
- Príomhoide Scoile;
- Bainisteoir Ionaid Oiliúna agus Bainisteoir Cúnta;
- Bainisteoir Ionaid Oideachais.

4.2 Mar an gcéanna, trí ordú Aire, beidh gach grád foirne eile, a bhfuil a ndualgais go hiomlán nó den chuid is mó de chineál cléireachais agus a bhfuil an luach saothar ag dul dóibh níos mó ná an luach saothar uasta do ghrád Oifigigh Chléireachais, neamh-incháilithe le bheith ina mbaill de bhord oideachais agus oiliúna.

5. Rollaí toghthóirí

5.1 Caithfear rollaí toghthóirí sealadacha ina bhfuil ainmneacha agus seoltaí ball foirne incháilithe a ullmhú ar mhaith le toghcháin ball foirne.

5.2 Is cóir uimhir uathúil a shannadh do gach duine nuair a chláraítear ar an rolla iad.

5.3 Féadfaidh seoladh oibre seachas seoladh baile an toghthóra a bheith sa rolla toghthóirí.

6. Ceisteanna

6.1 Is cóir aon cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na hImlitreach seo a chur chuig an duine a bhfuil a ainm thíos, Martin O'Brien (teil: 090 6484232, Martin_OBrien@education.gov.ie)

Martina Mannion
Príomhoifigeach.
Bealtaine 2018



Aguisín 1: Féilire dátaí – ionadaithe Foirne a Thoghadh go BOOanna 2018

Vótáil

Dátaí molta do 2018	
Céadaoin an 13 Meitheamh 2018	Comhaireamh vótaí (9am -)
Máirt and 12 Meitheamh 2018 5pm	Dáta deiridh le páipéir bhallóide a fháil.
Máirt an 29 Bealtaine 2018	Dáta deiridh le doiciméid toghcháin a eisiúint (páipéir bhallóide)
Máirt an 22 Bealtaine 2018, Tráthnóna	Fógra Vótála

Ainmniúcháin

Dátaí molta do 2018	
Máirt an 22 Bealtaine 2018, Tráthnóna Tráthnóna	Liosta iarrthóirí ar fáil.
Máirt an 22 Bealtaine 2018	Féadfaidh iarrthóirí tarraingt siad suas le 12 meán lae
Luan an 21 Bealtaine, 2018. 2-5pm	Rialú ar ainmniúcháin
Luan an 21 Bealtaine, 2018. 1pm	Dáta deiridh le hainmniúcháin a fháil
Luan an 14 Bealtaine 2018	Lá deireanach le fógra toghcháin a thabhairt

Clár Toghthóirí

Dátaí molta do 2018	
Luan an 14 Bealtaine 2018	Clár deiridh toghthóirí ar fáil.
Aoine an 11 Bealtaine 2018	Leasuithe ar chlár toghthóirí le cur isteach faoi 12 meán lae.
Céadaoin an 9 Bealtaine 2018	Rolla Toghthóirí Sealadach ar fáil
An 31 Márta 2018	Baill foirne fostaithe ag BOO ar an dáta seo atá i dteideal vótáil sa toghchán.



Aguisín 2

Toghcháin Ball Foirne BOO 2018

Ceisteanna coitianta

1. Cumarsáid

1.1 Conas is cóir do BOO cumarsáid a dhéanamh le toghthóirí?

Seachas páipéar ballóide agus doiciméid ghaolmhara a eisiúint mar a leagtar amach i Rialachán 18, tá de rogha ag Ceann Comhairimh cumarsáid a dhéanamh cibé bealach a mheasann sé nó sí a bheith cuí nó cibé céimeanna a ghlacadh ar bhealach eile a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach. Tá an Roinn den tuairim go mbeadh ríomhphost, nuair is féidir, agus fógraí a chur ar shuíomh gréasáin an BOO, ina modhanna úsáideacha cumarsáide.

1.2 An féidir le toghthóir seoladh seachas a s(h)eoladh le linn téarma a úsáid ar an rolla toghthóirí nó eile le haghaidh cumarsáide?

Tá saoirse ag toghthóirí iarratas a dhéanamh a seoladh a athrú ar an rolla sealadach. De rogha air sin, féadfaidh sé a bheith níos áisiúla dóibh a socrú féin a dhéanamh le postas a chur ar aghaidh.

Chomh maith leis sin, ní shriantar ar Cheanna Comhairimh na páipéir bhallóide agus na hábhair toghcháin ghaolmhara a chur chuig an seoladh ar an gelár. Deir Rialachán 18 (2) gur féidir cibé seoltaí eile a mheasann an Ceann Comhairim a bheith cuí a úsáid.

1.3 An gcaithfidh páipéir bhallóide agus ábhar toghcháin eile a eisiúint chuig toghthóirí trí phost cláraithe?

Ní chaithfidh. Is cóir ábhar mar seo a chur chuig toghthóirí tríd an ngnáthphost. Molann an Roinn go bhfaighidh Ceann Comhairimh deimhniú postála.

1.4 An gcaithfear postas réamhíoctha a úsáid do na clúdaigh vótála (le páipéir bhallóide chomhlíonta a chur ar ais)?

Caithfidh. Ba chóir do BOOanna clárú le An Post mar úsáideoir gnó agus uimhir cheadúnais a fháil (féach www.anpost.ie agus lean na naisc do Chustaiméirí Gnó, Freagairt Ghnó – Saorphost). Ceist do gach BOO is ea socrú a dhéanamh leis na clúdaigh réamhíoctha a chló nuair atá an uimhir cheadúnais faighte.

Molann an Roinn go nglacfaidh Ceanna Comhairimh leis go mbeidh toghchán ann agus go rachaidh siad ar aghaidh le seo a shocrú láithreach.

Nótáil, le do thoil, go molann an Post an cárta Freagartha Gnó mar an fhormaid is oiriúnaí (féach www.anpost.ie).



1.5 An gcaithfidh Ceann Comhairimh a cheadú go gcuirfí faisnéis faoi iarrthóir ar shuíomh gréasáin an BOO?

Is ceist é seo don Cheann Comhairimh. Ach, le nach dtuigfear as gurbh fhearr le BOO iarrthóirí áirithe, is é tuairim na Roinne nár chóir machnamh a dhéanamh ar a leithéid de chéim ach sna coinníollacha seo a leanas:

- (a) tugtar deis do gach iarrthóir faisnéis dá leithéid sin a phostáil
- (b) baineann gach iarrthóir tairbhe as an deis, agus
- (c) tugtar an tsuntasacht chéanna do gach iarrthóir ar an suíomh gréasáin.

1.6 An gcaithfear ligean d'iarrthóirí litriocht bholscaireachta a chur in éineacht leis an ábhar toghcháin a chuirfidh BOOanna chuig toghthóirí?

Tá an Roinn den tuairim nach mbeadh sé cuí do BOO ábhar toghcháin a eisiúint thar ceann toghthóirí.

2. An Rollaí Toghthóirí

2.1 Cad iad na socrúithe is gá a chur i bhfeidhm maidir leis an rolla toghthóirí

- (a) Is cóir an rolla toghthóirí a chur ar fáil do na baill foirne sin is mian leo a dhearbhu go bhfuil siad ar an rolla toghthóirí nó is mian leo a dhearbhu go bhfuil na sonraí ar an rolla ceart.
- (b) Ó féadfaidh faisnéis phearsanta a bheith ann, is cóir do Cheann Comhairimh a chinntiú maidir leis an rolla comhairimh:
 - i. go gcoinnítear slán é agus nach dtaispeántar é i mórbealach poiblí, lena n-áirítear áit atá inrochtana ag mic léinn nó foghlaimoirí;
 - ii. nach bhfuil sé le tarchur go leictreonach;
 - iii. nach bhfuil d'fhaisnéis ann ach ainm agus seoladh toghthóra agus a (h)uimhir uathúil ann;

(c) Ag críoch an phróisis toghcháin caithfidh an Ceann Comhairimh cóip den rolla toghcháin a choinneáil slán, a fhéadfaidh a bheith i bhformáid leictreonach, ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag, agus caithfear é a scrios ag an bpointe sin. Caithfear gach cóip eile a scrios láithreach tar éis na hainmniúcháin a dhúnadh.

2.2 An féidir le toghthóirí rochtain a bheith acu ar an rollaí toghthóirí?



Tar éis rialú ar ainmniúcháin, féadfaidh toghthóirí cóip chrua den rolla toghthóirí, a choinnítear slán i gceannáras an BOO, a rochtain. Ach ní ceadmhach d'iarthóirí cóip a dhéanamh agus a choinneail den rolla do de chuid den rolla.

3. Próiseas ainmniúcháin

3.1 An gcaithfidh ainmní a s(h)eoladh oibre nó seoladh baile a chur ar an bhfoirm dearbhaithe?

Moltar d'ainmnithe a seoltaí baile a úsáid ar an bhfoirm dearbhaithe.

3.2 An gcaithfidh ainmní a s(h)eoladh oibre nó seoladh baile a chur ar an bpáipéar ainmniúcháin?

Lorgaíonn an páipéar seoladh baile ainmnithe.

3.3 An féidir le hionadaí an fhoirm toilithe a shíniú?

Ní féidir.

3.4 An féidir le hainmní níos mó na páipéar ainmniúcháin amháin a shíniú?

Ní féidir. Caithfidh ainmnitheoirí a dhearbhu ar an bpáipéar ainmniúcháin nach bhfuil aon ainmniúchán eile sínithe acu agus caithfidh an t-ainmní a iarraidh ar a (h)ainmnitheoirí molta seo a dheimhniú.

4. Páipéir bhallóide

4.1 Cé atá freagrach as cló páipéar ballóide a eagrú?

Beidh gach BOO freagrach as páipéir bhallóide a chló. Caithfear seo a dhéanamh go himheánach, gan úsáid a bhaint as seirbhís chlódóireachta sheachtrach más féidir.

4.2 Cad é gnáthfhormáid na bpáipéar ballóide?

Caithfidh páipéir bhallóide a bheith san fhormáid a leagtar amach sa teimpléad mar atá i Sceideal na rialachán. Moltar páipéir bhallóide ar leith a chló do thoghadh baill ó phainéal na n-iarthóirí baineanna agus as toghadh baill ó phainéal na n-iarthóirí fireanna, agus dathanna éagsúla a chur orthu seo le cuidiú leis an bpróiseas comhairimh. Caithfear na páipéir bhallóide a uimhriú go seicheamhach, ag tosú leis huimhir 1. Ná bíodh an uimhir chéanna ar dhá pháipéar ballóide ar bith.

5. An Marc Oifigiúil



5.1 Cén uair a chuirfear an marc oifigiúil in iúl do Cheann Comhairimh?

Cuirfear an “marc oifigiúil” in iúl do Cheanna Comhairimh go luath agus caithfidh baill foirne BOO é a chur ar pholltóirí. Is cóir eolas ar an marc oifigiúil a shrianadh go dtí an Ceann Comhairimh, an Leas-Cheann Comhairimh agus go díreach na baill foirne sin atá páirteach sa phróiseas seo.

5.2 Is féidir na páipéir a mharcáil leis an marc oifigiúil roimh an dáta dúnta d’ainmniúcháin?

Leis an ualach oibre a laghdú idir dúnadh ainmniúchán agus eisiúint ábhair toghcháin chuig toghthóirí, tá an Roinn den tuairim go bhfuil sé cuí do Cheanna Comhairimh socrú a dhéanamh le páipéir bhána a mharcáil, ar a gclófar páipéir bhallóide níos faide anonn, roimh an dáta dúnta le hainmniúcháin a fháil. Ach, i gcásanna mar sin, caithfidh an Ceann Comhairimh gach páipéar a choinneáil slán i gcónaí. Caithfear aon pháipéar a mharcáiltear mar sin a scrios láithreach nuair is léir nach dteastaíonn siad.

5.3 Conas a gheobhaidh Ceann Comhairimh rochtain ar pholltóirí?

Tá polltóirí ina seilbh ag na BOOanna sin a bhí le toghcháin a reáchtáil. Déanfaidh an Roinn socrú le polltóirí a eisiúint do na BOOanna eile go luath.

5.4 Cad ba chóir tarlú do na polltóirí ag críoch an phróisis toghcháin?

Caithfear polltóirí a chur ar ais chuig an Roinn. Déanfar teagmháil le Príomhfheidhmeannaigh arís ina leith seo tar éis chríoch na dtoghcháin.

6. *Próiseas Vótála*

6.1 An gcaithfidh finné ar an bhfoirm dearbhaithe aitheantais a bheith ina b(h)all den BOO?

Ní chaithfidh. Is é an t-aon choinníoll amháin go mbeidh aithne phearsanta ag an bhfinné ar an toghthóir agus go bhfuil an dearbhú sínithe ag an bhfinné i láthair an toghthóra.

6.2 Cad a luann finné atá dífhostaithe mar shlí bheatha aige nó aici ar an bhfoirm dearbhaithe aitheantas?

Féadfaidh duine mar sin an téarma “dífhostaithe” nó “rud ar bith” a úsáid.

7. *Boscaí Ballóide*

7.1 Cad é freagracht an Chinn Comhairimh maidir le boscaí ballóide?



Le sláine an phróisis toghcháin a choinneáil, tá sé ríthábhachtach boscaí ballóide a choinneáil sábháilte agus slán. Dá réir sin, caithfear boscaí ballóide a choinneáil i gceannoifig BOO gan rochtain orthu ach ag an gCeann Comhairimh, an Leas-Cheann Comhairimh nó baill foirne eile a bhfuil dualgas orthu na clúdaigh vótála a chur sa bhosca ballóide (agus is gá líon na mball foirne sin a bheith teoranta).

7.2 Cad ba chóir tarlú do na boscaí ballóidí ag críoch na vótála?

Caithfidh an Ceann Comhairimh, ag críoch na vótála, an bosca ballóide a shéalú lena s(h)éala agus a chinntiú nach féidir aon pháipéir bhreise a chur isteach. Molann an Roinn go ndéanfaidh Ceanna Comhairimh teagmháil le Ceanna Comhairimh/Cláráitheoirí Contae le séalaí céarach don chuspóir seo.

Caithfear boscaí ballóide a choinneáil slán roimh an gcomhaireamh, istigh san ionad comhairimh nó gar dó más féidir.

7.3 Cad ba chóir tarlú do na boscaí ballóidí ag críoch an phróisis toghcháin?

Caithfidh an Príomhfheidhmeannach socruithe áitiúla a dhéanamh leis na boscaí ballóide a thabhairt ar ais faoi chúram an Chláráitheoir Contae / Ceann Comhairimh.

8. Clúdaigh vótála a fháil (páipéir bhallóide chríochnaithe)

8.1 Cad é an nós imeachta laethúil a chaithfidh a bheith ann le linn na tréimhse le páipéir bhallóide a fháil?

Molann an Roinn go gcaithfidh an Ceann Comhairimh, an Leas-Chomhairimh nó ball foirne a shanntar dó sin, láithreach nuair a fhaightear an seachadadh postais laethúil, clúdaigh vótála a scaradh ón gcuid eile den phostas agus na clúdaigh vótála a chur sa bhosca ballóide. Caithfear an bosca ballóide a dhaingniú láithreach ionas nach féidir an bosca a rochtain, seachas ag daoine cuí.

8.2 Cad faoi má fhaigheann Ceann Comhairimh páipéar ballóide ar bhealach seachas tríd an bpost?

Caithfidh clúdaigh vótála a fhaightear ar bhealach seachas tríd an bpost fanacht gan oscailt, le “gan trí phost” scríofa orthu agus fanacht i seilbh an Chinn Comhairimh ar feadh seal nach lú ná 12 mhí tar éis chríoch an toghcháin, agus is féidir leis an gCeann Comhairimh iad a dhiúscairt ag an bpointe seo.

9. Lá an Chomhairimh

9.1 Cén áit is cóir an t-ionad comhairimh a bheith lonnaithe?



Is ceist é seo don Cheann Comhairimh, ach bheadh scoil nó ceannoifig BOO ina bhfuil áis stórála dhaingean oiriúnach.

9.2 Cé mhéad ball foirne/cad iad na gráid foirne is gá a bheith i láthair ar lá an chomhairimh?

Tá seo faoi rogha an Phríomhfheidhmeannaigh, ach is cóir an líon daoine agus costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir leis an toghchán a reáchtáil ar bhealach cuí agus slán.

Is é an leibhéal íosta soláthar foirne 1 nó 2 bhall foirne ar Ghrád III/IV, duine amháin riaracháin shinsearaigh (Grád VI) agus Ceann Comhairimh.

10. Baill foirne breise

10.1 An féidir le BOO baill foirne bhreise a earcú le haghaidh an toghcháin?

Ní féidir – ní féidir le Príomhfheidhmeannaigh baill foirne bhreise a earcú.

11. Costais

11.1 An gclúdóidh an Roinn costais bhreise a bheidh a thabhfófar sna toghcháin?

Clúdóidh, clúdóidh an Roinn costais bhreise a thabhóidh BOOanna mar gheall ar an bpróiseas toghcháin. Caithfear costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir a theastaíonn leis an toghchán a reáchtáil de réir riachtanais na Rialachán agus **Chiorclán 31/2018**. Caithfidh Príomhfheidhmeannaigh éilimh a chur chuig Rannóg Airgeadais an BOO ag críoch an phróisis toghcháin.

Is féidir na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh i gcostais:

- Pá (seachas ragobair);
- Pá ar ragobair (más ann dó – sonraí le cur ar fáil)
- Costais phostais;
- Costais chlódoireachta;
- Costais ábhar.

Caithfear éilimh ar aisíocaíocht costas a dhéanamh faoi na ceanteidil seo thuas. Má thabhaítear aon chostas taobh amuigh de na ceanteidil seo, caithfear an costas sin ainmniú go soiléir.